C/2024/1571

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar earnáil na talmhaíochta agus ar cheantair thuaithe

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1571)

Rapóirtéir: **Simo TIAINEN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.2.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	An Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	22.11.2023
Toradh na vótála	48/0/0
(ar son/in aghaidh/staonadh)	
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	182/0/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá na harduithe ar phraghsanna fuinnimh agus an baol go gcuirfí isteach ar an soláthar fuinnimh ar cheann de na príomhábhair imní don Aontas le bliain anuas agus rinneadh réimse leathan beart ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát ina leith. Bhí tionchar mór ag praghsanna arda fuinnimh ar cheantair thuaithe agus go háirithe ar earnáil na talmhaíochta san Aontas.

1.2. Tugann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) dá aire go bhfuil roinnt beart tugtha isteach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit chun dul i ngleic leis an tionchar a bhíonn ag praghsanna fuinnimh atá ag ardú. Tugann CESE dá aire freisin gur cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar úsáid na n-ionstraimí faoi Phleananna Straitéiseacha Náisiúnta an Chomhbheartais Talmhaíochta chun dul i ngleic leis an ngéarchéim a eascraíonn as athruithe tapa sa mhargadh, in ionad freagairtí beartais náisiúnta *ad hoc* a chur i bhfeidhm.

1.3. Cuireann CESE in iúl gur dúshlán do shásraí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) iad praghsanna atá ag méadú go tapa, mar aon leis na costais táirgthe níos airde a eascraíonn as na praghsanna sin. Ar an gcúis sin, molann CESE don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar ghnéithe frith-thimthriallacha a áireamh in ionstraimí CBT tar éis 2027.

1.4. Tacaíonn CESE leis na tionscnaimh uile arb é is aidhm dóibh an spleáchas ar ionchuir agus ar fhoinsí fuinnimh iontaise a laghdú. Leagann CESE béim ar an ngá atá leis an gcomhleanúnachas idir na beartais a fheabhsú chun dlús a chur leis an aistriú glas, go háirithe a mhéid a bhaineann le dícharbónú agus fuinneamh ó fhoinsí neamhiontaise. Chomh maith le beartais talmhaíochta agus tuaithe, ní mór na cuspóirí sin a chur san áireamh níos mó i mbeartais earnálacha eile freisin.

1.5. Tacaíonn CESE go láidir leis an smaoineamh gur cheart na costais táirgthe níos airde a bhaineann leis an táirgeadh príomhúil a chur san áireamh ar bhealach níos fearr sna cleachtais chonarthacha laistigh de shlabhra an tsoláthair bia. Conarthaí dolúbtha a bhíonn sna conarthaí a bhaineann le slabhra an tsoláthair bia de ghnáth agus ní thugtar aird leordhóthanach iontu ar chostais táirgthe atá ag athrú go tapa. Cuireann CESE in iúl go soiléir nach mór feabhas a chur ar an scéal. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí na dlíthe conarthaí agus na cleachtais chonarthacha éagsúla a chomhchuibhiú d'fhonn comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht a chruthú idir na Ballstáit. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí staidrimh maidir le costais táirgeachta agus corrlaigh praghsanna na bhfeirmeoirí.

1.6. Bíonn tionchar ag praghsanna arda fuinnimh ar ghníomhaíochtaí gnó agus eacnamaíocha i gceantair thuaithe. Mar gheall ar an éiginnteacht atá ann, tá laghdú tagtha ar na dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh agus níl an toilteanas céanna ann daoine a earcú. Tá baol ann go mbeidh níos lú deiseanna fostaíochta ann i ngeall air sin, go háirithe i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe, ceantair inarb annamh a bhíonn deiseanna fostaíochta malartacha. Tríd an mbonneagar fuinnimh a fhorbairt, tacaítear le deiseanna nua fostaíochta a chruthú agus d'fhéadfaí foinsí ioncaim a chur ar fáil freisin, ar foinsí malartacha iad ar na foinsí a ghintear in earnáil na talmhaíochta agus ag oibreoirí tuaithe eile.

1.7. Cuireann CESE in iúl go bhfuil todhchaí agus rathúnas na limistéar tuaithe ríthábhachtach do shlándáil bia, neamhspleáchas straitéiseach ([1]) agus athléimneacht na hEorpa, agus chun meascán fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach a chuirfidh le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais. Measann CESE go bhfuil sé tábhachtach gealltanas a thabhairt go gcuirfear chun feidhme spriocanna fhís fhadtéarmach tuaithe an Aontais ([2]). Thairis sin, leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé an bonneagar tuaithe a chothabháil agus a fhorbairt ar fud an Aontais. Tríd an mbonneagar a chothabháil go cuí agus go maith, cuirtear feabhas ar an athléimneacht agus is fearr is féidir dul i ngleic le géarchéimeanna a thagann chun cinn.

1.8. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór ról na bpobal fuinnimh áitiúil agus réigiúnach a aithint agus a chur chun cinn chun aistriú fuinnimh atá cothrom agus éifeachtúil a bhaint amach i gceantair thuaithe ([3]). Feictear do CESE go mbaineann a lán deiseanna leis na pobail fuinnimh agus measann sé, ó thaobh na tuaithe de, go bhfuil na pobail fuinnimh in-athnuaite thar a bheith suimiúil. Agus pobail fuinnimh áitiúla agus réigiúnacha á gcur chun cinn, ní mór rochtain éasca, solúbthacht mhaorlathach agus laghdú ar ualaí riaracháin a áirithiú. Tá sé tábhachtach go gcuirfí tacaíocht ar fáil trí chistí an Aontais do na cineálacha tionscadal sin.

1.9. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá coigilteas fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh sa tomhaltas príobháideach agus poiblí. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh, infheistíochtaí in innealra nua agus i dteicneolaíocht eile, chomh maith le hoibríochtaí talmhaíochta a úsáideann níos lú fuinnimh, i measc nithe eile.

2. **Réamhrá**

2.1. D'eascair géarchéim fuinnimh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo san Aontas as an gcogadh neamhdhlisteanach cruálach gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin. Thosaigh an méadú tapa ar phraghsanna fuinnimh san fhómhar in 2021, agus tháinig méadú as cuimse orthu mar geall ar thús an chogaidh ag deireadh mhí Feabhra 2022. Mar gheall ar an méadú mór ar phraghsanna fuinnimh, bhí daoine agus gnólachtaí i gcruachás ar fud an Aontais. Tá na harduithe ar phraghsanna fuinnimh agus an baol go gcuirfí isteach ar an soláthar fuinnimh ar cheann de na príomhábhair imní don Aontas le bliain anuas agus rinneadh réimse leathan beart ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát ina leith. Ag an am céanna, tá an tAontas i mbun aistriú uaillmhianach chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de. Is é is aidhm don tuairim seo scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar earnáil na talmhaíochta agus ar cheantair thuaithe, agus moltaí a thabhairt maidir leis na tionchair dhiúltacha a mhaolú.

2.2. Tá tionchar mór ag praghsanna arda fuinnimh ar earnáil na talmhaíochta, ar earnáil straitéiseach í san Aontas agus ar cuid ríthábhachtach de cheantair thuaithe an Aontais í. Tá méideanna móra fuinnimh ag teastáil don tairgeadh talmhaíochta, bíodh sin go díreach nó go hindíreach, trí úsáid a bhaint as ionchuir táirgthe atá dian ar fhuinneamh, go háirithe leasacháin. Bhí tionchar suntasach ag an ardú ar phraghsanna fuinnimh ar chostais táirgthe talmhaíochta agus tá méadú tagtha ar an éiginnteacht sa mhargadh dá bharr. Mar thoradh air sin, bhí ar roinnt mhaith feirmeoirí dul i ngleic le laghdú ar a n-iarmhéideanna airgid agus bhí deacrachtaí acu leanúint lena ngníomhaíochtaí.

2.3. Is oibríochtaí séasúracha iad roinnt mhaith oibríochtaí talmhaíochta, agus dá bhrí sin, is rud séasúrach í an úsáid fuinnimh a bhaineann leo. Laistigh de shéasúr amháin, is minic a bhíonn sé deacair an tomhaltas fuinnimh a oiriúnú mar fhreagairt ar mhéaduithe ar phraghsanna nó ar ghanntanais fuinnimh. Ní mór uisciú agus cleachtais bainistithe uisce eile a dhéanamh agus innealra talmhaíochta a oibriú go tráthúil le linn an tséasúir fáis. Eascraíonn costais gan choinne as méaduithe tobanna ar phraghsanna. D'fhéadfadh rioscaí a bheith ann chomh maith do leachtacht agus do bhrabúsacht feirmeacha agus oibríochtaí tuaithe eile.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Neamhspleáchas straitéiseach agus slándáil agus inbhuanaitheacht bia (IO C 105, 4.3.2022, lch. 56).
([2]) https://rural-vision.europa.eu/index_en
([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach i limistéir thuaithe (IO C 486, 21.12.2022, lch. 59).

2.4. I gceantair thuaithe, tá riachtanais bhunúsacha amhail téamh, leictreachas, lóistíocht agus iompar níos costasaí mar thoradh ar phraghsanna arda fuinnimh. I gcás ceantair thuaithe, is minic a bhíonn rochtain theoranta ar bhonneagar fuinnimh, agus a bhíonn ar dhaoine taisteal thar achair fhada. I ngeall ar an staid mar atá, tá ualach suntasach ar phobail agus ar chuideachtaí i gceantair thuaithe. Tá an meánioncam i gceantair thuaithe níos ísle ná mar atá i gceantair uirbeacha ([4]). Tá muintir na tuaithe níos leochailí i leith an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta fuinnimh. Ina theannta sin, tá sé deacair do chuideachtaí tuaithe oibriú agus a bheith iomaíoch. Mar gheall ar phraghsanna arda fuinnimh, tá sé níos dúshlánaí do phobail tuaithe rochtain a fháil ar fhoinsí fuinnimh inacmhainne agus iontaofa. Ciallaíonn sé sin gur mó an baol go mbeidh na pobail sin thíos leis an mbochtaineacht tuaithe.

2.5. Bíonn tionchar ag athruithe tapa ar an margadh ar na pobail uile. Tá an suaitheadh sna margaí fuinnimh ar cheann de na príomhchúiseanna leis an mboilsciú san Aontas. Bhí an t-innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí le haghaidh leictreachais, gáis agus breoslaí eile 60 % níos airde ar an meán in 2022 i gcomparáid le leibhéal na bpraghsanna in 2020. I réimse na talmhaíochta, bhí an t-athrú comhfhreagrach ar phraghsanna fuinnimh níos airde fós. Tháinig méadú 86 % ar phraghsanna foriomlána fuinnimh in earnáil na talmhaíochta laistigh den tréimhse dhá bhliain chéanna ([5]).

3. **Na tionchair atá ag praghsanna arda fuinnimh ar earnáil na talmhaíochta**

3.1. Is léiriú soiléir iad na hathruithe ar phraghsanna gáis nádúrtha ar luas na n-athruithe a tugadh faoi deara i margadh fuinnimh an Aontais in 2021 agus 2022. Is táscaire oiriúnach é praghas an gháis nádúrtha ar fhorbairt fhoriomlán na bpraghsanna fuinnimh, ós rud é gur príomhfhoinse fuinnimh téimh é an gás, agus gurb é an ghné a shocraíonn na praghsanna ar mhargadh leictreachais an Aontais Eorpaigh. I gcás na talmhaíochta, is ionchur tábhachtach é an gás nádúrtha i dtáirgeadh leasachán nítrigine. Sa bhreis ar mhargadh an gháis nádúrtha, tá méaduithe tapa tagtha ar phraghsanna breosla mar thoradh ar an méadú domhanda ar phraghsanna ola. Mar gheall ar an méadú comhuaineach ar phraghsanna ola agus gáis, bhí tionchar i bhfad níos mó ar earnáil na talmhaíochta.

3.2. I gcás na bhfeirmeoirí, eascraíonn an tionchar a bhíonn ag an ardú ar phraghsanna fuinnimh as na costais dhíreacha táirgeachta, as ionchuir idirmheánacha agus as tomhaltas teaghlaigh. In earnáil an táirgthe talmhaíochta, bhí an praghas foriomlán fuinnimh 86 % níos airde in 2022 i gcomparáid le 2020. Tháinig méadú 225 % ar phraghas na mbreoslaí téimh i gcomparáid le 2020, arbh é an méadú ba mhó a bhí ann. Ar an ábhar céanna, tháinig méadú 142 % ar phraghsanna leasachán agus méadú 72 % ar chostas an leictreachais ([6]).

3.3. Bhí costais táirgthe fhoriomlána na talmhaíochta i bhfad níos airde mar gheall ar an méadú ar phraghsanna ionchur. Tá leaisteachas an éilimh ar phríomhionchuir talmhaíochta an-íseal, rud a léiríonn go bhfuil na hathruithe ar an éileamh níos lú i gcomparáid leis na hathruithe ar phraghsanna.

3.4. In earnáil na talmhaíochta, is minic nach bhfágann athruithe tapa gearrthéarmacha ar phraghsanna mórán rogha chun coigeartú a dhéanamh, ag brath ar an earnáil nó ar an gcineál feirmeoireachta. Is sciar réasúnta mór de na hionchuir a úsáidtear in earnáil na talmhaíochta iad an fuinneamh agus leasacháin. De réir Eurostat ([7]), ba é 13,2 % an sciar fuinnimh in earnáil talmhaíochta an Aontais in 2022. Ina theannta sin, tháinig méadú ar phraghsanna ionchur talmhaíochta eile.

3.5. In earnáil talmhaíochta an Aontais, tháinig méadú 103 % ar chostais leasachán in 2022 i gcomparáid le 2020. Ós rud é go bhfuil an méadú ar phraghsanna a breathnaíodh beagán níos airde i gcomparáid leis na hathruithe ar chostais, bhí méid iomlán na leasachán a úsáideadh sa táirgeadh níos ísle in 2022 ná mar a bhí in 2020. I gcomparáid leis sin, bhí na costais iomlána fuinnimh 66 % níos airde laistigh den tréimhse chéanna. Dá bhrí sin, tháinig laghdú ar thomhaltas fuinnimh in earnáil na talmhaíochta in 2022 freisin ([8]).

3.6. Bíonn iarmhairtí meántéarmacha agus fadtéarmacha ag an tionchar a bhíonn ag praghsanna luaineacha fuinnimh. Sa mheántéarma, d'fhéadfadh an méadú ar chostais táirgthe a eascraíonn as praghsanna fuinnimh cur le luas an athraithe struchtúraigh ar an talmhaíocht, e.g. tréigean na bhfeirmeacha agus athruithe ar tháirgeadh. Tá na tionchair sin cosúil leo siúd a dhéanann difear do ghnólachtaí tuaithe eile freisin. San fhadtéarma, cuireann an méadú ar phraghsanna fuinnimh dlús leis an athrú i dtreo cleachtais táirgthe níos éifeachtaí nó níos éifeachtúla a úsáideann níos lú acmhainní nádúrtha nó ionchuir.

([4]) Bliainiris réigiúnach Eurostat 2023.
([5]) Eurostat (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/prc_hicp_manr/default/table), ríomhanna dílse.
([6]) Cuntais Eacnamaíochta na Talmhaíochta, Eurostat (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/apri_pi15_ina/default/table), ríomhanna dílse.
([7]) Cuntais Eacnamaíochta na Talmhaíochta (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/aact_eaa01/default/table).
([8]) Cuntais Eacnamaíochta na Talmhaíochta (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/aact_eaa01/default/table), ríomhanna dílse.

4. **Na tionchair atá ag praghsanna arda fuinnimh i gceantair thuaithe**

4.1. Bíonn éagsúlacht sna tosca sonracha a mbíonn tionchar acu ar bhoilsciú fuinnimh, ag brath ar an réigiún, ar an tír agus ar chúinsí aonair. Tá tionchar níos mó ag costais mhéadaitheacha fuinnimh i gceantair thuaithe i gcomparáid le limistéir pheirea-uirbeacha agus uirbeacha. Is fíor sin go háirithe i ngeall ar chostais dáileacháin agus seachadta níos airde, iomaíocht theoranta i measc soláthraithe fuinnimh, dúshláin maidir leis an mbonneagar fuinnimh, agus fóirdheontais agus éagsúlachtaí beartas.

4.2. Mar thoradh ar an ardú tapa atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh agus ar an mboilsciú ard, tháinig laghdú ar chumhacht ceannaigh na dtomhaltóirí. Go ginearálta, ní raibh forbairtí pá ná ioncaim in ann coinneáil suas leis an mboilsciú atá ag méadú go tapa.

4.3. In 2022, bhí an meánphraghas leictreachais san Aontas 44 % níos airde ná mar a bhí in 2020. Bhí an praghas ar ghás do thomhaltóirí 72 % níos airde agus bhí an praghas ar fhuinneamh teasa 24 % níos airde le linn na tréimhse céanna. Laistigh den tomhaltas foriomlán, mhéadaigh sciar coibhneasta an chaiteachais iomláin ar leictreachas, gás agus breoslaí eile idir 2020 agus 2022 ([9]).

4.4. Tá costas maireachtála níos airde ann do mhuintir na tuaithe i ngeall ar phraghsanna arda fuinnimh. D'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh dá cumas íoc as riachtanais bhunúsacha amhail téamh, leictreachas agus iompar. Is measa an bhochtaineacht tuaithe i ngeall ar an méadú atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh. Níl sé d'acmhainn ag daoine aonair ná ag teaghlaigh íoc as an bhfuinneamh a dteastaíonn uathu. D'fhéadfadh rochtain níos teoranta ar théamh, ar fhuarú, ar shoilsiú agus ar riachtanais fuinnimh fhíorthábhachtacha eile a bheith mar thoradh air sin. D'fhéadfadh an bhochtaineacht fuinnimh éifeachtaí díobhálacha a bheith aici ar an tsláinte, ar an oideachas agus ar cháilíocht fhoriomlán na beatha i gceantair thuaithe, go háirithe i measc pobail leochaileacha agus daoine scothaosta.

4.5. Bíonn tionchar ag praghsanna arda fuinnimh ar ghníomhaíochtaí gnó agus eacnamaíocha i gceantair thuaithe freisin. Is tionchar é sin a bhaineann ní hamháin leis an talmhaíocht, ach le líon ard gnólachtaí a fheidhmíonn i gceantair thuaithe. Mar gheall ar an éiginnteacht atá ann, tá laghdú tagtha ar na dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh agus níl an toilteanas céanna ann daoine a earcú. Bhí earnáil na turasóireachta, earnáil atá ríthábhachtach i roinnt mhaith ceantair thuaithe, thíos le praghsanna arda fuinnimh freisin. Tá baol ann go mbeidh níos lú deiseanna fostaíochta ann i ngeall air sin, go háirithe i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe, ceantair inarb annamh a bhíonn deiseanna fostaíochta malartacha.

5. **Barúlacha ginearálta**

5.1. Tugann CESE dá aire go bhfuil roinnt beart tugtha isteach ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun dul i ngleic leis an tionchar a bhíonn ag praghsanna fuinnimh atá ag ardú. Áirítear ar na bearta sin na pacáistí tacaíochta eisceachtúla a cuireadh ar fáil do na feirmeoirí is mó a ndearna an staid san Úcráin in 2022 agus na costais ionchuir atá ard go fóill in 2023 difear dóibh, méadú ar na huasteorainneacha do mhéideanna teoranta cabhrach d'fheirmeoirí, solúbthacht agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí a ndéanann costais fuinnimh atá ag dul i méid difear dóibh, agus deireadh a chur ar bhonn sealadach leis na dleachtanna leasacháin, cé is moite de leasacháin de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise. Is spreagadh iad praghsanna fuinnimh atá ag ardú d'infheistíochtaí i bhfoinsí malartacha fuinnimh in earnáil na talmhaíochta freisin. Tá méadú ag teacht ar dhreasachtaí chun an fheirmeoireacht bheacht a fheabhsú. Bainfear leas as teicneolaíochtaí costasacha go tapa agus cuirfear torthaí méadaitheacha ar fáil sa ghearrthéarma.

5.2. Tacaíonn CESE leis na tionscnaimh ón gCoimisiún arb é is aidhm dóibh an spleáchas ar ionchuir agus ar fhoinsí fuinnimh iontaise a laghdú. Bunaithe ar an teachtaireacht maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán ([10]), déanfaidh an Coimisiún rochtain níos fearr ar leasacháin orgánacha agus ar chothaithigh ó shruthanna dramhaíola athchúrsáilte a chur chun cinn, go háirithe i réigiúin nach bhfuil ach beagán úsáide á baint as leasacháin orgánacha, tacóidh sé le tionscal leasacháin nítrigine na hEorpa a thiontú go tionscal atá bunaithe ar amóinia a tháirgtear trí úsáid hidrigine in-athnuaite agus saor ó iontaise, agus áiritheoidh sé go mbeidh timpeallacht rialála chobhsaí agus inoibrithe ann lena rialófar táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin, lena n-áiritheofar, ar an gcaoi sin, gur féidir le margadh do leasacháin atá bunaithe ar hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin forbairt go tapa. Ní mór don Choimisiún Eorpach béim níos mó a leagan ar úsáid leasachán orgánach a chur chun cinn sa leagan nua de CBT trí scéimeanna comhshaoil a thugann luach saothair don fheirmeoir.

5.3. Tugann CESE dá aire freisin gur cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar úsáid na n-ionstraimí faoi Phleananna Straitéiseacha Náisiúnta an Chomhbheartais Talmhaíochta chun dul i ngleic leis an ngéarchéim a eascraíonn as athruithe tapa sa mhargadh, in ionad freagairtí beartais náisiúnta *ad hoc* a chur i bhfeidhm. Tá athbhreithniú ann ([11]) ina léirítear nach bhfuil ionstraimí bainistithe riosca CBT á gcur chun feidhme ach ag 14 Bhallstát ina bPleananna Straitéiseacha Náisiúnta CBT. Ba cheart árachas costais nó bearta eile lena ndírítear ar chostais a bheith san áireamh sna hionstraimí sin. Leis na hionstraimí atá formheasta faoi láthair faoi na pleananna, cuirtear go príomha le scéimeanna árachais atá dírithe ar chaillteanais barr nó ar thorthaí eile a bhaineann leis an aimsir. Mar sin féin, tá sampla amháin ann d'uirlis um chobhsú ioncaim atá á húsáid sna pleananna straitéiseacha náisiúnta a formheasadh faoi CBT.

([9]) Caiteachais teaghlaigh ar thomhaltas, Eurostat (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/nama_10_co3_p3/default/table), ríomhanna dílse.
([10]) COM(2022) 590 final.
([11]) *Thünen Working Paper 191a*.

5.4. Cuireann CESE in iúl gur dúshlán do shásraí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) iad praghsanna atá ag méadú go tapa, mar aon leis na costais táirgthe níos airde a eascraíonn as na praghsanna sin. Is minic a thugtar údar le fóirdheontais dhíreacha CBT mar uirlis chun ioncam feirmeoirí a chobhsú i gcomhthéacs athruithe tapa ar an margadh. Mar sin féin, ní féidir leis an leagan reatha de CBT aird leordhóthanach a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag costais táirgthe atá ag ardú go tapa ar an talmhaíocht. Ar an gcúis sin, molann CESE don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar ghnéithe frith-thimthriallacha a áireamh in ionstraimí CBT tar éis 2027, mar aon le cistiú leordhóthanach a chur ar fáil do na gnéithe sin. Dá gcuirfí bearta frith-thimthriallacha i bhfeidhm, bheadh nasc níos dlúithe idir na leibhéil tacaíochta agus forbairtí sa mhargadh, agus neartófaí an líontán sábhála i gcoinne costais atá ag ardú agus brabúis atá ag laghdú.

5.5. Tacaíonn CESE go láidir leis an smaoineamh gur cheart an éagsúlacht sna costais táirgthe a bhaineann leis an táirgeadh príomhúil a chur san áireamh ar bhealach níos fearr sna cleachtais chonarthacha laistigh de shlabhra an tsoláthair bia. Conarthaí dolúbtha a bhíonn sna conarthaí a bhaineann le slabhra an tsoláthair bia de ghnáth agus ní thugtar aird leordhóthanach iontu ar chostais táirgthe atá ag athrú go tapa. Cuireann CESE in iúl go soiléir nach mór feabhas a chur ar an scéal. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí na dlíthe conarthaí agus na cleachtais chonarthacha éagsúla a chomhchuibhiú d'fhonn comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht a chruthú idir na Ballstáit.

5.6. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip agus don straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'a bhaineann leis úsáid leasachán nítrigine neamhorgánach sa talmhaíocht a laghdú. Is príomhchuspóir é spleáchas earnáil talmhaíochta an Aontais ar leasacháin nítrigine iontaise-bhunaithe a laghdú. Rachadh sé chun tairbhe don chomhshaol agus chruthófaí deiseanna nua gnó agus nuálaíochta ar bhonn réigiúnach dá gcuirfí feabhas ar an úsáid a bhaintear as cothaithigh athchúrsáilte agus as foinsí nítrigine nach bhfuil bunaithe ar iontaisí ([12]). Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin freisin ó thaobh na sprice maidir le neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050.

5.7. Leagann CESE béim ar an ngá atá leis an gcomhleanúnachas idir na beartais a fheabhsú chun dlús a chur leis an aistriú glas, go háirithe a mhéid a bhaineann le dícharbónú agus fuinneamh ó fhoinsí neamhiontaise. Chomh maith le beartais talmhaíochta agus tuaithe, ní mór na cuspóirí sin a chur san áireamh níos mó i mbeartais earnálacha eile freisin. Chuige sin, ní mór úsáid níos fearr a bhaint as scéimeanna caipitil infheistíochta agus caipitil fiontair lasmuigh de bhuiséad an Aontais. Chun comhleanúnachas idir na beartais a áirithiú, ní mór promhadh leas na tuaithe a chur i bhfeidhm maidir le gach scéim beartais.

5.8. Cuireann CESE in iúl go bhfuil todhchaí agus rathúnas na limistéar tuaithe ríthábhachtach do shlándáil bia, neamhspleáchas straitéiseach ([13]) agus athléimneacht na hEorpa, agus chun meascán fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach a chuirfidh le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht níos mó a thabhairt do cheantair thuaithe chun táirgeadh inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite a leathnú, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana, trí chórais táirgthe agus stórála a dhílárú, eangacha fuinnimh a threisiú agus gairmithe cáilithe a oiliúint. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaidís úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn mar bhealach chun rannchuidiú le neamhspleáchas fuinnimh, le héagsúlú ioncaim, agus leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh agus an athraithe aeráide.

5.9. Cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an bonneagar tuaithe a chothabháil agus a fhorbairt ar fud an Aontais. Tríd an mbonneagar a chothabháil go cuí agus go maith, cuirtear feabhas ar an athléimneacht agus is fearr is féidir dul i ngleic le géarchéimeanna a thagann chun cinn. Gné ríthábhachtach den bhonneagar is ea gréasán cuimsitheach leathanbhanda a bheith ann i ngach ceantar tuaithe. A bhuí leis an leathanbhanda, déantar laghdú ar an ngá atá leis an gcomaitéireacht, rud a chruthaíonn dálaí níos fearr don chianobair. Ina theannta sin, cuirtear feabhas ar dhálaí oibriúcháin na bhfiontar tuaithe agus, ar an gcaoi sin, rannchuidítear go díreach leis an bhfostaíocht faoin tuath.

5.10. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur cuid thábhachtach d'fhís fhadtéarmach tuaithe an Aontais iad an fuinneamh in-athnuaite, agus an táirgeadh fuinnimh áitiúil agus pobail fuinnimh a chur chun cinn ([14]). Measann CESE go bhfuil sé tábhachtach gealltanas a thabhairt go gcuirfear chun feidhme spriocanna fhís fhadtéarmach tuaithe an Aontais. I ndáil leis an méid sin, aithníonn CESE a thábhachtaí atá tionscnaimh amhail an Comhshocrú um an Tuath ([15]). Leis an gcomhshocrú sin, neartaítear an rialachas il-leibhéil, éascaítear an comhar i measc na ngeallsealbhóirí, agus rannchuidítear go gníomhach le fuinneamh in-athnuaite agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn in earnáil na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe.

([12]) Tuarascáil faisnéise ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa *Buntáistí a bhaineann le feirmeoireacht fhairsing beostoic agus leasacháin orgánacha i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip*.

([13]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Neamhspleáchas straitéiseach agus slándáil agus inbhuanaitheacht bia (IO C 105, 4.3.2022, lch. 56).

([14]) *A long-term Vision for the EU's Rural Areas* [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais] (COM(2021) 345 final).

([15]) https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/rural-pact_en

5.11. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór ról na bpobal fuinnimh áitiúil agus réigiúnach a aithint agus a chur chun cinn chun aistriú fuinnimh atá cothrom agus éifeachtúil a bhaint amach i gceantair thuaithe ([16]). Is cineálacha nua táirgthe agus tomhaltais fuinnimh iad na pobail fuinnimh. Feictear do CESE go mbaineann a lán deiseanna leis na pobail fuinnimh agus measann sé, ó thaobh na tuaithe de, go bhfuil na pobail fuinnimh in-athnuaite thar a bheith suimiúil. Tá roinnt samplaí ann de phobail fuinnimh dhea-fheidhmiúla amhail Wildpoldsried ([17]), Elektrizitätswerke Schönau ([18]), Muttersholtz ([19]), agus Claremorris and Western District Energy Co-Op ([20]).

5.12. Cuidíonn infheistíochtaí sa bhithghás, san fhuinneamh gaoithe, sa ghrianfhuinneamh agus i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh eile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus le neamhthuilleamaíocht fuinnimh fhoriomlán a fheabhsú laistigh den Aontas. Ba cheart na hinfheistíochtaí sin a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann le feirmeacha. Ar bhonn na n-infheistíochtaí sin, d'fhéadfadh eangacha fuinnimh áitiúla agus réigiúnacha an margadh fuinnimh a chobhsú agus líontáin sábhála a sholáthar chun cur i gcoinne suaiteacht sa mhargadh, go háirithe ar mhaithe le tomhaltóirí tuaithe, feirmeoirí agus gnólachtaí ar mhionscála.

5.13. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé fuinneamh a shábháil agus an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. In éineacht leis na tairbhí uile a bhainfeadh le fuinneamh a shábháil, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr a bheifí in ann géarchéimeanna amach anseo a sheasamh. Is iomaí bealach atá ann chun fuinneamh a shábháil, amhail insliú níos fearr i bhfoirgnimh, feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, úsáid níos cliste a bhaint as leictreachas, agus roghanna soghluaisteachta éagsúla agus an chianobair a chur chun cinn. In earnáil na talmhaíochta, áirítear ar na féidearthachtaí sin an fheirmeoireacht bheacht, agus modhanna táirgthe agus innealra níos éifeachtúla ó thaobh breosla agus fuinnimh de, i measc nithe eile.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([16]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach i limistéir thuaithe (IO C 486, 21.12.2022, lch. 59).
([17]) Díospóireacht théamach ar Comhshocrú um an Tuath #1: Fuinneamh in-athnuaite i gceantair thuaithe (https://www.eesc.europa.eu/en/agenda/our-events/events/rural-pact-1-renewable-energies-rural-areas).
([18]) https://www.ews-schoenau.de/ews/geschichte/
([19]) Muttersholtz, Territoire à énergie positive.
([20]) https://claremorris-energy-coop.com/